
museum
National Museum of Ireland
Ard-Mhúsaem na hÉireann

Seandálaíocht

# An Chlochaois

Bileog Ghníomhaíochta (7-12 bliain)



Tá an bhileog seo ceaptha le húsáid sa chéad chuid den taispeántas 'Réamhstair na hÉireann'.

## Amlíne

| | |
|---|---|
| Clochaois | 7,000 BC |
| Cré-umha aois | 2,000 BC |
| Iarannaois | 300 BC |
| R.Ch. - A.D. | 0 |
| N. Pádraig | 432 AD |
| Lochlannaigh | 795 AD |
| Inniu | 21st Century AD |

| |
|---|
| Is le |
| an bhileog seo |



**Arbh eol duit:**

**Tháinig na chéad daoine go hÉirinn tuairim is 9,000 bliain ó shin!**

**An Chlochaois a thugtar ar an am sin.**

**BOSCA fáisnéise:**

Ní raibh miotail cosúil le cré-umha nó iarann ag na daoine go fóill. Ba mhinic a dhéanadh siad uirlisí as ***breochloc*** mar is cloch an-chrua í ar féidir a ghéarú go furasta.

***Téigh isteach*** **sa Mhúsaem agus** ***cas*** **ar clé.**

## 1. Uirlisí Cloiche

***Féach*** sna chéad chúpla chás go bhfeicfidh tú roinnt **uirlisí cloiche**.

**C.** Cad chuige na huirlisí seo, an dóigh leat? Déan iarracht iad ***a mheaitseáil*** mar a thaispeántar duit thíos:

| | |
|---|---|
| **Lann breochloiche** | **Tochailt** |
| **Rinn sleá cloiche** | **Leagadh Crainn** |
| **Tua breochloiche** | **Gearradh** |
| **Piocóid cloiche** | **Fiach** |

Chónaigh na chéad daoine a chuir fúthu in Éirinn in aice na farraige agus i ngleannta na n-aibhneacha. Thaistil siad ar fud na háite ag cuardach bia: ag fiach na n-ainmnithe agus ag bailiú cnónna, sméara agus bia sliogán.

***An bhfeiceann tú*** roinnt cnóshliogáin dóite sa dara cás? D'ith duine éigin na cnónna astu seo tuairim is 8,500 bliain ó shin!



## BOSCA **fáisnéise:**

Tuairim is 6,000 bliain ó shin thosaigh muintir na hÉireann ag foghlaim conas feirmeoireacht a dhéanamh. Chuir siad cruithneacht agus eorna ag fás agus choimeád siad beithígh – eallaigh, caoirigh agus gabhair. Chiallaigh sé sin nár ghá dóibh bheith ag taisteal timpeall ar thóir bhia an t-am ar fad.

***Siúil timpeall*** **ar an bpiléar deiridh ar dheis, go dtí an cás ina bhfuil pictiúr de bhean agus í ag meilt plúr as grán.**

# 2. Clocha bró

Tá **cloch bhró** in úsáid ag an mbean seo agus tá a leanbh ag breathnú uirthi. Féach a dteach taobh thiar díobh. ***Faigh*** an chloch bhró atá sa chás seo.

**C.** An dóigh leat go raibh sé deacair nó furasta plúr a mheilt sa Chlochaois, agus cén fáth a gceapann tú sin?

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

Sa chás céanna feicfidh tú píosaí potaireachta, a d'úsáideadh na daoine chun bia agus deoch a stóráil.

Ní grán agus feoil amháin a d'itheadh na daoine, bhí bianna eile acu chomh maith. An féidir leat ***teacht ar leideanna faoi*** dhá chineál eile bia a bhíodh acu?

**Leid - Féach chun tosaigh sa chás.**

| |
|---|
| 1. |
| 2. |

***Ar aghaidh leat*** go dtí an múnla de thuama pasáiste i gcúinne an taispeántais.

## 3. Tuamaí pasáiste

Le linn na Clochaoise, ba nós leis na daoine séadchomhartha cloiche a thógáil in ómós do na mairbh. Ceann díobh seo ab ea an **tuama pasáiste**. Tá sampla an-mhaith agus an-cháiliúil den tuama pasáiste le feiceáil i mBrú na Bóinne, Co. na Mí. De ghnáth chuirtí cnámha créamtha (dóite) níos mó ná duine amháin i dtuama cosúil le seo.

***Féach*** isteach sa tuama go bhfeicfidh tú an seomra ina gcuirtí luaithreach na marbh. **(Ná gabh isteach ann tú féin!!!)**

Clocha colbha a thugtar ar na clocha móra sa **tuama**. An féidir leat cuid de na dearaí atá ar na clocha colbha a ***tharraingt***?

Tá daoine ann a deir gurb é a bhí sna dearaí seo ná:

- Líníochtaí a rinne muintir na Clochaoise
- Ainmneacha daoine
- Comharthaí draíochta
- Féilirí a bhí ag muintir na Clochaoise

**C.** Cad é do bharúil? An bhfuil aon tuairim eile agat?

BOSCA **fáisnéise:**

Nuair a fuair daoine bás sa Chlochaois, ba mhinic a chuir a ngaolta agus a gcairde rud éigin a bhain leo isteach sa tuama leo.

Tuama pasáiste, Brú na Bóinne, Co. na Mí. c. 3200 R.Ch.





Anois ***siúil*** ar aghaidh ón gcás ina bhfuil an chloch bhró, ar aghaidh ón rampa go dtí an chéad chás eile ar thaobh na láimhe deise.

## 4. Muince Sliogán

***Faigh*** na **muincí sliogáin** sa chás. Fuarthas iad seo curtha faoi thalamh sa tuama. Is cosúil iad agus an muince a bhí ar an mbean a chonaic tú sa phictiúr níos luaithe.

***Ainmnigh*** dhá rud eile sa chás seo a bhí curtha leis na mairbh.

| |
|---|
| **1.** |
| **2.** |

Ar deireadh, féach an **bád adhmaid**. (Ba dheacair é a sheachaint!)

## 5. Bád adhmaid

Tógadh an bád seo timpeall 4,500 bliain ó shin! Rinneadh é as crann mór daire amháin agus tá sé ós cionn 15 méadar ar fhad. Fuarthas i bportach i gCo. na Gaillimhe é, sa bhliain 1902.

Is as leath lomáin a rinneadh an bád agus gearradh an t-adhmad amach as an lár. Cén uirlis a bhí ag na daoine a rinne é? (***Ticeáil*** an freagra is dóigh leat atá ceart.)

- ☐ **Sábh leictreach**
- ☐ **Tua cloiche**
- ☐ **Piocóid**

**C.** An bhfuil sé difriúil ó na báid atá againn inniu? Má tá, ar cén chaoi?



**BOSCA fáisnéise:**

Sna portaigh, chuireadh na haigéid san ithir agus an easpa aeir isteach ar an lobhadh a tharlódh in aon áit eile.

## 6.

Sa spás thíos, ***tarraing*** an rud is fearr leat ó thaispeántas na Clochaoise.

**Comhghairdeas!**
Tá Bileog Ghníomhaíochtaí na Clochaoise críochnaithe agat.

## *Gníomhaíochtaí breise...*

1. Sa rang nó sa bhaile, scríobh scéal nó dán mar gheall ar an saol sa Chlochaois.
2. Déan potaí cosúil leis na cinn a chonaic tú inniu, le cré nó marla. Maisigh iad le hionga do mhéar, le cipíní, le forc nó le rud ar bith a dhéanfadh patrún.
3. An chéad uair eile go mbíonn tú ar an trá, bailigh roinnt sliogán agus déan muince sliogán le píosa fada téada nó ollan.

museum
National Museum of Ireland
*Ard-Mhúsaem na hÉireann*

Rannóg Oideachais agus For-rochtana
Ard-Mhúsaem na hÉireann, Baile Átha Cliath, 2002.
Teil: 01-648 6453.
Faics: 01-679 1025.
Ríomhphost: bookings@museum.ie
Láithreán Gréasáin: www.museum.ie

Téacs: Eimear Synnott, 2002
Arna aistriú ag Clare Rowland, 2006